An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 22 Márta 2024**
**(OR. en)**

**EUCO 7/24**

**CO EUR 6**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (21 agus 22 Márta 2024) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArdrúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, maidir leis an staid gheopholaitiúil agus na príomhdhúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair.*

*Rinne an Chomhairle Eorpach comóradh 30 bliain ar Chomhaontú LEE le Príomh-Airí na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua.*

*

* *

## I. AN ÚCRÁIN

1. Dhá bhliain tar éis don Rúis a cogadh foghach a sheoladh ar an Úcráin agus 10 mbliana tar éis di ionghabháil mhídhleathach a dhéanamh ar an gCrimé agus Sevastopol, ar sárú follasach iad araon ar a hoibleagáidí faoi Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, tá an Chomhairle Eorpach anois níos diongbháilte ná riamh tacú le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Ní ligfimid don Rúis an svae a bhreith léi.

   I bhfianaise phráinn na staide, tá rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint den tacaíocht riachtanach ar fad a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir, tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus thaidhleoireachta agus í sin a fhad is gá agus ar an leibhéal is déine is gá. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar chomhghuaillithe agus ar chomhpháirtithe ar fud an domhain a bheith páirteach san iarracht sin.

2. Agus a ceart bunúsach chun féinchosanta á fheidhmiú aici, tá córais aerchosanta, armlón agus diúracáin ag teastáil go práinneach ón Úcráin. Ag tráth seo na cinniúna, tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit chun dlús agus déine a chur le seachadadh an chúnaimh mhíleata uile is gá. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na tionscnaimh uile a rinneadh le déanaí chuige sin, lena n-áirítear tionscnamh práinnsholáthar armlóin na Seicia, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann gealltanas an Aontais a chomhlíonadh go pras agus aon mhilliún urchar armlóin airtléire a chur ar fáil don Úcráin.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach freisin na comhaontuithe déthaobhacha maidir le gealltanais slándála a thug roinnt Ballstát agus comhpháirtithe i gcrích leis an Úcráin. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh rannchuidiú an Aontais leis na gealltanais slándála don Úcráin, rannchuidiú a chabhróidh leis an Úcráin í féin a chosaint, cur in aghaidh na n-iarrachtaí díchobhsúcháin agus gníomhartha foghacha breise a dhíspreagadh amach anseo. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an Cinneadh ón gComhairle maidir le Ciste Cúnaimh don Úcráin lena n-áirithítear go leanfar de thacaíocht mhíleata a thabhairt don Úcráin faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle obair a dhéanamh ar an gcinneadh maidir leis an 8ú pacáiste tacaíochta don Úcráin faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Is díol sásaimh di freisin acmhainneacht mhéadaithe Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais (EUMAM).

4. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na chéad chéimeanna nithiúla eile chun an t-ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní blocáilte na Rúise a chur chun tairbhe na hÚcráine, lena n-áirítear, b'fhéidir, tacaíocht mhíleata a chistiú. Iarrann sí ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair ar na tograí a rinne an tArdionadaí agus an Coimisiún le déanaí.

5. Agus an tacaíocht mhíleata sin á tabhairt agus gealltanais slándála an Aontais á gcur i gcrích, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh an 13ú pacáiste smachtbhannaí. Iarrann sí go ndéanfaí a thuilleadh fós chun cumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a threisiú. Is den ríthábhacht é go ndéanfaí na smachtbhannaí a chur chun feidhme go hiomlán agus ar bhealach éifeachtach. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfeadh an Chomhairle agus an Coimisiún feabhas ar an malartú faisnéise, go ndéanfaí an cur chun feidhme a threisiú, go gcuirfí feabhas ar ghníomhaíocht an Aontais agus na mBallstát le tríú tíortha, agus go ndúnfaí gach lúb ar lár laistigh agus lasmuigh den Aontas. Áirítear leis sin cosc a chur ar theacht timpeall ar na smachtbhannaí trí mheán tríú tíortha, agus a áirithiú go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú, a mhéid a bhaineann le fochuideachtaí de chuid chuideachtaí an Aontais thar lear freisin. Ní mór rochtain na Rúise a shrianadh a mhéid is féidir ar earraí agus teicneolaíochtaí íogaire atá ábhartha don láthair chatha, lena n-áirítear trí dhíriú ar na heintitis i dtríú tíortha a chuireann ar chumas na Rúise an teacht timpeall sin a dhéanamh. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún smachtbhannaí breise a ullmhú i gcoinne na Bealarúise, na Cóiré Thuaidh agus na hIaráine.

7. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar thríú páirtithe scor láithreach de thacaíocht ábharach a chur ar fáil do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is cúis mhór imní di na tuairiscí go bhféadfadh sé go ndéanfadh an Iaráin diúracáin bhalaistíocha agus teicneolaíocht ghaolmhar a aistriú chun na Rúise lena n-úsáid i gcoinne na hÚcráine, tar éis di aerárthaigh gan foireann a sholáthar don Rúis, atá in úsáid gan stad i gcoinne an phobail shibhialta san Úcráin. Dá ndéanfadh an Iaráin iad sin a aistriú, bheadh an tAontas Eorpach réidh chun freagairt go mear agus i gcomhar lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear le bearta sriantacha suntasacha nua i gcoinne na hIaráine.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis ar chearta an duine i gcríocha forghafa na hÚcráine, lena n-áirítear díbirt na leanaí. Diúltaíonn sí go láidir do na ‘toghcháin’, mar a thugtar orthu, ar toghcháin neamhdhleathacha iad, arna n-eagrú ag an Rúis sna críocha faoi fhorghabháil shealadach seo a leanas de chuid na hÚcráine: an Chrimé, Sevastopol, Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson. Ní thabharfaidh an Chomhairle Eorpach aitheantas go brách do na toghcháin sin ná dá dtorthaí.

9. Ní mór an Rúis agus a lucht ceannais a thabhairt chun cuntais go huile agus go hiomlán as an gcogadh foghach atá á fhearadh acu ar an Úcráin agus as coireanna tromchúiseacha eile faoin dlí idirnáisiúnta, agus as an damáiste ollmhór atá déanta ag a gcogadh. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh, lena n-áirítear sa Chroíghrúpa, chun binse a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne aige a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh, agus chun sásra cúitimh a bhunú amach anseo.

10. Leanann an tAontas Eorpach de bheith tiomanta tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur neartaíodh Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM) san Úcráin le déanaí, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann an tacaíocht a uas-scálú do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na hÚcráine sna críocha a saoradh agus sna críocha tadhlacha, agus do na hathchóirithe i gcomhthéacs a próisis aontachais leis an Aontas. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí leis an tacaíocht don athshlánú síceolaíoch agus síceasóisialta agus do chúnamh breise dímhianúcháin.

11. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dá ndian-iarrachtaí domhanda for-rochtana chun an tacaíocht idirnáisiúnta is leithne is féidir a áirithiú do shíocháin chóir chuimsitheach mharthanach agus do phríomhphrionsabail agus do phríomhchuspóirí Fhoirmle Shíochána na hÚcráine, d’fhonn Cruinniú Mullaigh Domhanda Síochána a thionól amach anseo.

12. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar thábhacht straitéiseach na slándála agus na cobhsaíochta i Réigiún na Mara Duibhe. Tarraingíonn sí aird ar a riachtanaí atá sé go dtacófaí leis an Úcráin a seasamh ina margaí onnmhairíochta traidisiúnta a athbhunú, go háirithe sa Mheánoirthear agus san Afraic.

13. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht ábhartha a chur ar fáil do Phoblacht na Moldóive chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá aici mar thoradh ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, agus chun athléimneacht, slándáil agus cobhsaíocht na tíre a neartú i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na gealltanais dhéthaobhacha atá tugtha ag na Ballstáit tacú le Misean Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh sa Mholdóiv (EUPM), d’fhonn athléimneacht na hearnála slándála a fheabhsú.

14. Leanfaidh an tAontas Eorpach freisin de thacaíocht a thabhairt don tSeoirsia chun a hathléimneacht a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá aici de bharr iarrachtaí na Rúise an bonn a bhaint dá hiomláine chríochach agus de bharr chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

## II. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

15. Tá an tAontas Eorpach tiomanta a ullmhacht agus a chumas cosanta a mhéadú i gcomhréir lena riachtanais agus lena uaillmhian i bhfianaise mhéadú na mbagairtí agus na ndúshlán slándála. Ag tógáil ar Dhearbhú Versailles agus ar an gCompás Straitéiseach, tá sé tiomanta a spleáchais straitéiseacha a laghdú agus a acmhainneachtaí a uas-scálú. Ba cheart, dá réir sin, bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú ar fud an Aontais. Chun an ullmhacht cosanta a mhéadú agus chun ceannasacht an Aontais a fheabhsú, beidh gá le hiarrachtaí breise chun an méid seo a leanas a dhéanamh i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát:

   a) an gealltanas comhchoiteann a chomhlíonadh chun an caiteachas cosanta a mhéadú ar bhealach suntasach, agus infheistíocht níos fearr agus níos tapúla a dhéanamh le chéile;

   b) rochtain thionscal cosanta na hEorpa ar an maoiniú poiblí agus príobháideach a fheabhsú. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint ar na roghanna uile atá ann chun cistí a shlógadh agus tuairisc a chur chuici ina leith faoi mhí an Mheithimh. Thairis sin, iarrtar ar an mBanc Eorpach Infheistíochta a bheartas maidir le hiasachtaí a thabhairt don tionscal cosanta agus a sainmhíniú reatha ar earraí dé-úsáide a oiriúnú, agus a acmhainneacht mhaoiniúcháin á cosaint ag an am céanna;

   c) an fhorbairt agus an soláthar comhpháirteach a dhreasú chun déileáil le heasnaimh chriticiúla chumais an Aontais, go háirithe sna cumasóirí straitéiseacha, chomh maith leis an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí idir na próisis pleanála cosanta náisiúnta agus Eorpacha;

d) feabhas a chur ar an infheistíocht chomhoibritheach/chomhpháirteach sa chosaint, ó chéim an taighde agus na forbartha go céim na pleanála, go tionsclú agus go soláthar comhpháirteach, agus an intuarthacht a fheabhsú, e.g. trí chonarthaí seasta ilbhliantúla;

e) cur le hathléimneacht thionscal cosanta na hEorpa, lena sholúbthacht agus lena hacmhainneacht táirgí cosanta nuálacha a fhorbairt agus a tháirgeadh, a n-idir-inoibritheacht agus a n-idirmhalartacht a fheabhsú, agus a áirithiú go mbeidh siad ar fáil do na Ballstáit;

f) dreasú a thabhairt le go ndéanfaí margadh cosanta na hEorpa a chomhtháthú a thuilleadh ar fud an Aontais, trí rochtain ar shlabhraí soláthair cosanta a éascú, go háirithe do FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, agus tríd an rómhaorlathas a laghdú;

g) feabhas a chur ar mhearfhreagairt agus ar shainaithint thráthúil aon scrogaill i slabhraí soláthair an mhargaidh cosanta agus a áirithiú nach mbeidh rialáil an Aontais ina bac ar fhorbairt thionscal cosanta na hEorpa;

h) tacú le tionscnaimh chun leanúint den infheistíocht i lucht saothar oilte chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas lucht saothair agus scileanna sa tionscal cosanta.

16. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dul ar aghaidh go pras leis an obair ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach i ndáil le Straitéis um Thionscal Cosanta na hEorpa. Iarrann sí ar an gComhairle chomh maith oibriú léi gan mhoill ar an togra a ghabhann leis le haghaidh Clár um Thionscal Cosanta na hEorpa (EDIP).

17. Tá cur chun feidhme an Chompáis Straitéisigh ina phríomhghné i gcónaí chun ullmhacht cosanta na hEorpa a mhéadú agus ba cheart dlús a chur leis sin. Chun na críche sin, tá tábhacht ar leith ag baint le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, leis an tsoghluaisteacht mhíleata, leis an bhfreachnamh beo, le feabhsú na slándála spáis, le comhrac na gcibearbhagairtí agus na mbagairtí hibrideacha agus le haghaidh a thabhairt ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI).

18. Ach an tAontas Eorpach a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é.

19. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus tá leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh leis.

## III. <u>AN MEÁNOIRTHEAR</u>

20. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear. Tá uafás uirthi faoi líon as cuimse na sibhialtach a maraíodh agus faoin staid thubaisteach dhaonnúil. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí sos daonnúil láithreach a bhunú a dtiocfaidh sos comhraic inbhuanaithe as, go scaoilfí saor gach giall gan choinníoll agus go gcuirfí cabhair dhaonnúil ar fáil.

21. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach na conclúidí uaithi roimhe seo ina gcáintear Hamas go neamhbhalbh as na hionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta a rinne sé gan idirdhealú ó cheann ceann Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, ina n-aithnítear an ceart atá ag Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus ina n-iarrtar go scaoilfí saor láithreach bonn na gialla ar fad gan aon choinníoll a leagan síos roimh ré. Is cúis mhór imní a sábháilteacht agus a sláinte siúd. Ní mór do Hamas agus do ghrúpaí armtha eile rochtain dhaonnúil a thabhairt láithreach ar na gialla uile atá fós ann. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle go mbogfaí ar aghaidh gan mhoill chun bearta sriantacha ábhartha breise a ghlacadh i gcoinne Hamas.

22. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an staid thubaisteach dhaonnúil in Gaza agus an tionchar díréireach atá aici ar shibhialtaigh, leanaí ach go háirithe, chomh maith leis an riosca práinneach gorta toisc nach leordhóthanach an méid cabhrach atá á ligean isteach go Gaza. Is den ríthábhacht go mbeadh rochtain iomlán, thapa, shábháilte agus gan bhac ar Stráice Gaza agus ar a fhud, trí na bealaí ar fad, chun cúnamh tarrthála agus seirbhísí bunúsacha a chur ar fáil ar mórscála don phobal sibhialtach. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach Tionscnamh Amalthea, lena ndéantar bealach muirí a oscailt le haghaidh cúnamh éigeandála ón gCipir go Gaza, de bhreis ar na bealaí talún arb iad fós an príomhbhealach chun an toirt mhór cúnaimh is gá a sholáthar. Tá breis bealaí ar tír agus bealaí trasnaithe ag teastáil.

23. Ba cheart bearta práinneacha a dhéanamh chun aon easáitiú breise den phobal a chosc agus chun dídean shábháilte a chur ar fáil don phobal lena áirithiú go gcosnófar na sibhialtaigh i gcónaí. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar rialtas Iosrael gan tabhairt faoi oibríocht talún in Rafah, rud a dhéanfadh an staid dhaonnúil atá tubaisteach cheana féin níos measa agus lena gcoiscfí soláthar na seirbhísí bunúsacha agus na cabhrach daonnúla a bhfuil géarghá leo. Tá níos mó ná milliún Palaistíneach ann faoi láthair agus iad ag lorg sábháilteachta ón gcogaíocht agus ag iarraidh rochtain a fháil ar chabhair dhaonnúil.

24. Ní mór do gach páirtí an dlí idirnáisiúnta a urramú, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé ordú an 26 Eanáir 2024 ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta a urramú agus a chur chun feidhme, ar ordú é atá ceangailteach ó thaobh dlí de. Ní mór sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a imscrúdú go críochnúil neamhspleách agus ní mór an chuntasacht a áirithiú. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na tuarascálacha ó Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe, Pramila Patten, agus is cúis mhór imní di na tuarascálacha sin agus is díol uafáis di an foréigean gnéasach a tharla le linn na n-ionsaithe a rinneadh an 7 Deireadh Fómhair. Tacaíonn an tAontas Eorpach le himscrúduithe neamhspleácha ar gach líomhain maidir le foréigean gnéasach, agus na tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe, Reem Alsalem, á dtabhairt dá aire.

25. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá na seirbhísí a chuireann UNRWA ar fáil ar fud an réigiúin. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na bearta agus an tacaíocht airgeadais a thug an tAontas le déanaí. Is díol sásaimh di gur sheol na Náisiúin Aontaithe imscrúdú inmheánach agus athbhreithniú seachtrach gan mhoill tar éis na líomhaintí tromchúiseacha i gcoinne 12 bhall foirne de chuid UNRWA go raibh siad rannpháirteach sna hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh an 7 Deireadh Fómhair. Tá sí ag súil le torthaí an imscrúdaithe agus le tuilleadh gníomhaíochta cinntithí ó na Náisiúin Aontaithe chun an chuntasacht a áirithiú agus chun an rialú agus an mhaoirseacht a neartú.

26. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí stop láithreach leis an bhforéigean ar an mBruach Thiar agus in Iarúsailéim Thoir agus go n-áiritheofaí rochtain shábháilte ar na láithreáin naofa. Cáineann an Chomhairle Eorpach foréigean na lonnaitheoirí antoisceacha go láidir. Ní mór déantóirí an fhoréigin sin a thabhairt chun cuntais. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle dlús a chur leis an obair chun bearta sriantacha spriocdhírithe ábhartha a ghlacadh. Cáineann an Chomhairle Eorpach na cinntí a rinne Rialtas Iosrael na lonnaíochtaí neamhdhleathacha a leathnú a thuilleadh ar fud an Bhruaigh Thiar atá faoi fhorghabháil. Tathantaíonn sí ar Iosrael na cinntí sin a aisiompú.

27. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair go dian le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun géarú réigiúnach breise a chosc, go háirithe sa Liobáin agus sa Mhuir Rua. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na gníomhaithe uile, go háirithe an Iaráin, staonadh ó ghníomhartha géaraitheacha. Is díol sásaimh di seoladh oibríocht ASPIDES an Aontais, arb é is aidhm di saoirse loingseoireachta agus slándáil maraithe sa Mhuir Rua, i Murascaill Áidin agus sa réigiún máguaird a chosaint.

28. Leanann an tAontas Eorpach dá thiomantas do shíocháin bhuan mharthanach arna bunú ar réiteach an dá stát. Tá an ceart céanna ag na Palaistínigh agus ag na hIosraelaigh chun maireachtáil go sábháilte, faoi dhínit agus faoi shíocháin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na páirtithe uile staonadh ó gach gníomh a bhainfeadh an bonn de phrionsabal réiteach an dá stát agus d'inmharthanacht stát Palaistíneach amach anseo. Meabhraíonn sí go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag an dá mhisean CBSC, is iad sin Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) agus Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EUBAM Rafah), bunaithe ar an bprionsabal sin chun tacú le stát Palaistíneach amach anseo. Tá an tAontas Eorpach réidh chun obair a dhéanamh le hIosrael, le hÚdarás na Palaistíne, agus le páirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun cuidiú leis an bpróiseas polaitiúil a athbheochan, lena n-áirítear trí Thionscnamh Lá na Síochána agus trí Chomhdháil Síochána a bheadh le reáchtáil a luaithe is féidir, agus chun tacú le hÚdarás na Palaistíne agus an t-athchóiriú is gá á dhéanamh aige. Tá an tAontas Eorpach réidh chun tacú le hiarracht chomhordaithe idirnáisiúnta chun Gaza a atógáil.

## IV. <u>MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRITHE</u>

29. Agus Dearbhú Granada á mheabhrú aici, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin don mhéadú agus d'athchóirithe inmheánacha ag meabhrú di gur gá dul chun cinn a dhéanamh i gcomhthráth leis an obair ar an dá chonair sin chun a áirithiú go mbeidh na Ballstáit nua agus an tAontas araon réidh, tráth an aontachais. Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar cheist na n-athchóirithe inmheánacha ag ceann de na cruinnithe atá ar na bacáin d'fhonn conclúidí a ghlacadh faoi shamhradh 2024 maidir le treochlár don obair atá le déanamh amach anseo.

30. Ag eascairt as an moladh ón gCoimisiún an 12 Márta 2024, tá cinneadh déanta ag an gComhairle Eorpach tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an creat caibidlíochta a ullmhú chun go nglacfaidh an Chomhairle é tráth a bheidh na céimeanna ábhartha uile déanta a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022.

31. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin agus ag Poblacht na Moldóive ó thaobh na n-athchóirithe is gá a dhéanamh ar a gconair i dtreo an Aontais. I bhfianaise thíolacadh na ndréachtchreataí caibidlíochta don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle iad a ghlacadh go mear agus dul ar aghaidh leis an obair gan mhoill.

32. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an tSeoirsia agus molann sí don tír dul chun cinn a dhéanamh ar na hathchóirithe tosaíochta atá fós le réiteach.

## V. <u>CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

***Comhpháirtíochtaí cuimsitheacha***

33. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dearbhú comhpháirteach maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt.

34. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle Eorpach an chomhpháirtíocht leis an Máratáin.

35. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí straitéiseacha mar sin a threisiú agus a fhorbairt.

***Háítí***

36. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an staid in Háítí atá ag dul in olcas agus an drochíde a tugadh don daonra mar thoradh ar an rabharta nua foréigin a bhris amach i ndeireadh mhí Feabhra. Is díol sásaimh di an EUR 20 milliún i gcabhair dhaonnúil a dheonaigh an tAontas Eorpach. Molann an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun plean polaitiúil um aistriú faoi stiúir na Háítíoch a chur ar bun, plean a bheidh inmharthana, cuimsitheach, inbhuanaithe. Iarrann sé ar fhórsaí polaitiúla uile Háítí freagracht a léiriú trí dhul i muinín an chomhréitigh agus an chonair atá rompu a chomhaontú ar mhaithe le leas na tíre agus an pobal atá ag fulaingt le fada. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach Rún 2699 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena mbunaítear Misean Tacaíochta Slándála Ilnáisiúnta agus cuireann sí in iúl a thábhachtaí go ndéanfaí é a imscaradh go pras.

***An Rúis***

37. Iarrann an Chomhairle Eorpach go scaoilfí saor láithreach bonn gach príosúnach polaitiúil sa Rúis gan aon choinníoll a leagan síos roimh ré agus go gcuirfí deireadh leis an ngéarleanúint ar an bhfreasúra polaitiúil. Is ar údaráis na Rúise atá an fhreagracht deiridh as bás Alexei Navalny. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí imscrúdú idirnáisiúnta neamhspleách agus trédhearcach ar chúinsí beachta a bháis. Is díol sásaimh di glacadh na mbeart sriantach nua i gcoinne iad siúd atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as drochíde agus iarrann sí go rachfaí ar aghaidh leis an obair sa Chomhairle chun réim nua smachtbhannaí a bhunú i bhfianaise na staide sa Rúis agus i bhfianaise a gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha thar lear.

38. Cáineann an Chomhairle Eorpach an ghéarleanúint atá á déanamh ar shaoránaigh an Aontais ar chúiseanna polaitiúla ag an Rúis. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí na bearta is gá a dhéanamh ionas nach ndéanfadh tríú tíortha barántais ghabhála arna n-eisiúint ag an Rúis a fhorghníomhú sna cásanna sin.

***An Bhealarúis***

39. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach staid chearta an duine sa Bhealarúis, staid atá ag dul in olcas. An chos ar bolg, sáruithe ar chearta an duine agus srianta ar an rannpháirtíocht pholaitiúil agus ar an rochtain ar mheáin neamhspleácha sa Bhealarúis, bhí an méid sin ar leibhéil as cuimse roimh thoghcháin pharlaiminteacha agus áitiúla an 25 Feabhra, toghcháin nár chomhlíon na bunchaighdeáin dhaonlathacha. Iarrann an Chomhairle Eorpach go scaoilfí saor láithreach bonn na príosúnaigh pholaitiúla ar fad gan aon choinníoll a leagan síos roimh ré. Athdhearbhaíonn sí dlúthpháirtíocht an Aontais le sochaí shibhialta agus le fórsaí daonlathacha na Bealarúise.

## VI. AN IMIRCE

40. Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar staid na himeartha maidir leis an imirce tar éis na Teachtaireachta ón gCoimisiún agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas an Aontais leanúint de chur chuige cuimsitheach a shaothrú i leith na himirce mar a comhaontaíodh sna conclúidí uaithi i mí na Nollag 2023. Agus an Chomhairle Eorpach ag tabhairt dá haire go dtagann os cionn 90 % de na himircigh neamhrialta isteach san Aontas le cúnamh ó smuigléirí, tacaíonn sí le rún daingean an Choimisiúin na huirlisí uile atá ar fáil don Aontas a neartú chun gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a chomhrac go héifeachtach, agus, ag an am céanna, Comhaontas Domhanda a sheoladh chun freagairt ar an dúshlán domhanda sin.

## VII. TALMHAÍOCHT

41. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé don tslándáil bia agus d'uathriail straitéiseach an Aontais go mbeadh earnáil talmhaíochta athléimneach inbhuanaithe ann, a luachmhara atá sé pobail tuaithe bhríomhara a bheith ann agus a ríthábhachtaí atá ról an Chomhbheartais Talmhaíochta ina leith sin. Tá creat cobhsaí intuartha de dhíth ó fheirmeoirí, lena n-áirítear chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin chomhshaoil agus aeráide.

42. D'fhill an Chomhairle Eorpach ar cheist na ndúshlán reatha san earnáil talmhaíochta agus na n-ábhar imní a tharraing na feirmeoirí anuas. Rinne sí a marana ar an obair leanúnach ar an leibhéal Eorpach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle dul ar aghaidh leis an obair gan mhoill, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

    a) gach beart gearrthéarmach agus meántéarmach agus réitigh nuálacha a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n-áirítear iad siúd chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun cúrsaí a shimpliú d'fheirmeoirí;

    b) seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, go háirithe chun ioncam cóir a áirithiú;

c) brú airgeadais na bhfeirmeoirí a mhaolú trí theacht ar shlite eile chun tacaíocht bhreise a thabhairt dóibh, cuir i gcás, mar shampla, síneadh a chur leis an gcreat sealadach Státchabhrach, agus tuairisc a thabhairt ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Eorpach;

d) iomaíocht riailbhunaithe chóir a áirithiú ar fud an domhain agus sa mhargadh inmheánach;

e) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis na Bearta Uathrialacha Trádála don Úcráin ar bhealach cóir agus cothrom agus réiteach á ullmhú faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin/Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála.

43. Coimeádfaidh an Chomhairle Eorpach súil ar an gcás.

## VIII. ULLMHACHT AGUS FREAGAIRT AR GHÉARCHÉIMEANNA

44. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go bhfeabhsófaí agus go ndéanfaí comhordú ar an ullmhacht mhíleata agus shibhialtach agus ar bhainistiú straitéiseach géarchéimeanna i bhfianaise thimpeallacht athraitheach na mbagairtí. Iarrann sí ar an gComhairle dul ar aghaidh leis an obair agus iarrann sí ar an gCoimisiún, in éineacht leis an Ardionadaí, gníomhaíochtaí a mholadh chun an ullmhacht agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú ar leibhéal an Aontais, mar chuid de chur chuige uile-guaise uile-shochaí, agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh, d'fhonn straitéis ullmhachta a bhaint amach san am atá romhainn.

## IX. AN SEIMEASTAR EORPACH

45. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí beartais an tSuirbhé Bhliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus iarrann sí ar na Ballstáit iad a chur san áireamh. Formhuiníonn sí freisin an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

*

* *

*Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin don Chlár Oibre Straitéiseach nua.*